BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

5 Meán Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Díolúintí – Airteagal 135(1)(g) – Bainistiú ar chiste infheistíochta speisialta – Coincheap – Ciste pinsin – Inchomparáideacht le gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) – Riosca na n-infheistíochtaí arna sheasamh ag cleamhnaithe – Raon feidhme – Gá chun comparáid a dhéanamh le ciste pinsin a mheasann an Ballstát lena mbaineann gur chiste infheistíochta speisialta é)

I gCásanna uamtha C-639/22 go C-644/22,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó rechtbank Gelderland (an Chúirt Dúiche, Gelderland, an Ísiltír), trí bhreitheanna an 5 agus 6 Deireadh Fómhair 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 12 Deireadh Fómhair 2022, in imeachtaí idir

X (C-639/22),

Stichting BPL Pensioen (C-643/22),

Stichting Bedrijfstakpensioensfonds voor het levensmiddelenbedrijf (BPFL) (C-644/22)

v

Inspecteur van de Belastingdienst Utrecht (C-639/22, C-643/22 et C-644/22),

agus

Fiscale Eenheid Achmea BV (C-640/22),

Y (C-641/22)

v

Inspecteur van de Belastingdienst Amsterdam (C-640/22 et C-641/22),

agus

Stichting Pensioenfonds voor Fysiotherapeuten (C-642/22)

v

* Teanga an cháis: an Ollainnis.

Inspecteur van de Belastingdienst Maastricht (C-642/22),

Tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir), J.-C. Bonichot, S. Rodin agus L. S. Rossi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Lamote, Riarthóir,

ag féachaint den nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 5 Deireadh Fómhair 2023,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– X, Y, Stichting Pensioenfonds voor Fysiotherapeuten agus Stichting BPL Pensioen, ag K. R. Carton, E. M. van Kasteren agus J. P. A. Vermeer, belastingadviseurs,

– Fiscale Eenheid Achmea BV agus Stichting Bedrijfstakpensioensfonds voor het levensmiddelenbedrijf (BPFL), ag U. N. C. Boy agus G. J. van Norden, belastingadviseurs

– Rialtas na hÍsiltíre, ag M. K. Bulterman, A. Hanje agus J. Langer, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Danmhairge, ag D. Elkan, J. F. Kronborg agus C. A. S. Maertens, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag J. Jokubauskaitė agus W. Roels, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 14 Márta 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 135(1)(g) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1) (‘an Treoir maidir le CBL’).

2 Rinneadh na hiarrataí i gcomhthéacs sé sraith imeachtaí idir, ar an gcéad dul síos, i gCás C-639/22, X, ciste pinsin proifisiúnta éigeantach agus, i gCásanna C-643/22 agus C-644/22, faoi seach, Stichting BPL Pensioen agus Stichting Bedrijfstakpensioensfonds voor het levensmiddelenbedrijf (BPFL), cistí pinsin earnála agus an Inspecteur van de Belastingdienst Utrecht (cigire cánach Utrecht, an Ísiltír); ar an dara dul síos, i gCásanna C-640/22 agus C-641/22 faoi seach, Fiscale Eenheid Achmea BV, cuideachta a thug sochair do chiste pinsin earnála, agus Y, ciste pinsin ceirde agus an Inspecteur van de Belastingdienst Amsterdam (cigire cánach Amstardam, an Ísiltír) agus ar deireadh, ar an tríú dul síos, i gCás C-642/22, Stichting Pensioenfonds voor Fysiotherapeuten, ciste pinsin proifisiúnta éigeantach agus an Inspecteur van de Belastingdienst Maastricht (cigire cánach, Maastricht, an Ísiltír), maidir le cur chun feidhme na díolúine ó cháin bhreisluacha (CBL) dá bhforáiltear in Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL ar na cistí pinsin sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

An Treoir maidir le CBL

3 Foráiltear le hAirteagal 2(1)(c) den Treoir maidir le CBL:

‘1. Tiocfaidh na gnóthaí seo a leanas faoi réir TVA:

[...]

c) soláthar seirbhísí arna dhéanamh ar comaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 135(1)(g) den Treoir sin:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit na hidirbhearta seo a leanas a dhíolmhú:

[...]

g) bainistiú ar chistí infheistíochta speisialta mar a shainmhínítear ag na Ballstáit iad;’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir GCUI

5 De réir Airteagal 1 de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, Rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO 2009 L 302, lch. 32) (‘Treoir GCUI’):

‘1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) atá bunaithe laistigh de chríoch na mBallstát.

2. Chun críocha na Treorach seo agus faoi réir Airteagal 3, ciallaíonn GCUI gnóthais:

a) atá á bhfeidhmiú go heisiach chun comhinfheistíocht chaipitil arna soláthar ag an bpobal a dhéanamh in urrúis inaistrithe nó i sócmhainní airgeadais leachtacha eile dá dtagraítear in Airteagal 50(1) agus a oibríonn ar phrionsabal an scaipthe riosca;

b) a dhéanann a n-aonaid, arna iarraidh sin don sealbhóir, a athcheannach nó a fhuascailt, go díreach nó go hindíreach, as a sócmhainní féin. Is ionann gníomh a dhéanamh chun a áirithiú nach n-éagsúlaíonn luach stocmhalartáin a n-aonad go sonrach ón nglanluach sócmhainní agus athcheannach nó fuascailt de na cineálacha sin.

Féadfaidh na Ballstáit a údarú gur féidir le GCUI a bheith comhdhéanta de roinnt ranna infheistíochta.

[...]'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hÍsiltíre

6 Foráiltear le mír 3 d'Airteagal 11(1)(i) den Wet houdende vervanging van de bestaande omzetbelasting door een omzetbelasting volgens het stelsel van heffing over de toegevoegde waarde (Wet op de omzetbelasting) [Dlí lena gcuirtear cáin láimhdeachais atá bunaithe ar an gcóras cánach breisluacha in ionad na cánach láimhdeachais reatha (Dlí maidir le cáin láimhdeachais)] an 28 Meitheamh 1968 (Stb. 1968, Uimh. 329), sa leagan is infheidhme i leith na díospóide sna príomhimeachtaí:

'1. I gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos le beart riaracháin ginearálta, beidh diólúine ó cháin ag:

[...]

i) na seirbhísí [...] seo a leanas:

[...]

3° Bainistiú sócmhainní arna mbailiú ag cistí infheistíochta agus ag cuideachtaí infheistíochta chun críoch comhinfheistíochta'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

7 Is cistí pinsin Ísiltíreacha iad na príomhiarratasóirí sna cásanna C-639/22 agus C-641/22 go C-644/22, eadhon X, Y, Stichting Pensioenfonds voor Fysiotherapeuten, Stichting BPL Pensioen agus Stichting Bedrijfstakpensioensfonds voor het levensmiddelenbedrijf (BPFL) faoi seach, a cheannaigh seirbhísí i leith bainistiú sócmhainní ó bhainisteoir infheistíochta atá bunaithe lasmuigh den Ísiltír. I gCás C-640/22, chuir an príomhiarratasóir, Fiscale Eenheid Achmea, comhlacht dlíodóirí Ísiltíreach, seirbhísí i leith bainistiú sócmhainní ar fáil do chiste pinsin earnála.

8 Déantar agóid leis na hiarratasóirí sin os comhair rechtbank Gelderland (an Chúirt Dúiche, Gelderland, an Ísiltír), an chúirt a rinne an tarchur i ngach ceann de na cásanna dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, i gcoinne mhéid na cánach arna ríomh ag cigirí cánacha Utrecht, Amsterdam agus Maastricht ('na húdaráis fhioscacha') maidir le fáil na seirbhísí i leith bainistiú sócmhainní

sin. Measann siad gurb ionann ciste pinsin a cheannaigh na seirbhísí sin, nó a fuair na seirbhísí sin, agus ‘ciste infheistíochta speisialta’ de réir bhrí Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL. Dá bharr sin, thabharfaí díolúine d’fháil nó do sholáthar na seirbhísí céanna de bhun mír 3 d’Airteagal 11(1)(i) den Dlí lena gcuirtear cáin láimhdeachais atá bunaithe ar an gcóras cánach breisluacha in ionad na cánach láimhdeachais reatha (Dlí maidir le cáin láimhdeachais) sa leagan is infheidhme i leith na díospóide sna príomhimeachtaí.

9 Is léir ó na hiarrataí ar réamhrialú go bhfuil trí chuid i gceist le córas pinsin scoir na hÍsiltíre, eadhon an bunphinsean reachtúil, scéimeanna pinsin arna n-eagrú ag fostóirí agus scéimeanna pinsin aonair ar bhonn deonach. Tá cistí pinsin ceirde agus cistí pinsin earnála i gceist leis an dara cuid, atá á rialú leis an Wet houdende regels betreffende pensioenen (Dlí lena bhforáiltear na rialacha maidir le pinsin) an 7 Nollaig 2006 (‘Dlí maidir le pinsin’). Tagann cistí pinsin proifisiúnta éigeantacha de réir bhrí an Wet verplichte beroepspensioenregeling (Dlí maidir le scéim ciste pinsin phroifisiúnta éigeantaigh) faoi scáth an dara cuid sin freisin de réir na cúirte a rinne an tarchur.

10 Is iad na cistí pinsin atá i gceist sna príomhimeachtaí ná, i gCásanna C-639/22 agus C-642/22, cistí pinsin proifisiúnta éigeantacha, i gCásanna C-640/22, C-643/22 agus C-644/22, cistí pinsin earnála agus, i gCás C-641/22, ciste pinsin ceirde.

11 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur i ngach tarchur chun réamhrialú go bhfuil an scéim pinsin á chur chun feidhme ag na cistí pinsin ábhartha bunaithe ar ‘chonradh maidir le sochair phinsin’, a bhfuil íocaíocht sochar pinsin mar shaintréith de. Tá sé ar cheann de na trí sórt conartha dá bhforáiltear leis an dlí maidir le pinsin. Tá an conradh sin éagsúil leis an ‘gconradh ranníocaíochta’, lena bhforáiltear ranníocaíochtaí cinntithe a thiontaítear ina dhiaidh sin ina sochair phinsin sheasta nó athraitheacha, agus leis an ‘gconradh caipitil’, a bhaineann le caipiteal cinntithe, a tiontaíodh ina dhiaidh sin ina shochair phinsin sheasta nó athraitheacha.

12 Tá cistí pinsin faoi réir mhaoirseacht an Stáit maidir le ráta cumhdaigh straitéiseach a chomhlíonadh, a bhaineann leis an gcóimheas idir na sócmhainní atá ag na cistí sin agus luach láithreach dá ndliteanas pinsin. Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go gcinntear leis an ráta cumhdaigh straitéiseach agus le cistí dílse chiste pinsin staid airgeadais an chiste sin agus, den chuid is mó, leibhéal na ranníocaíochtaí agus aon laghdú ar na ranníocaíochtaí sin, chomh maith le forlíontaí coinníollacha a dheonú do shochair phinsin (innéacsú) nó aon laghdú orthu agus ar chearta pinsin.

13 Socraítear leis an gciste pinsin méid na ranníocaíochtaí atá le híoc ar bhealach ina gcumhdófar an méadú ar chistí dílse a bheidh ag teastáil mar gheall ar an méadú ar dhliteanais phinsin, agus an toradh ar infheistíocht a thuartar á chur san áireamh freisin.

14 I gcás cistí pinsin áirithe, eadhon na cistí atá i gceist i gCásanna C-640/22, C-643/22 agus C-644/22, socraíonn coiste bainistíochta gach ciste méid na ranníocaíochtaí arna n-íoc do na cistí sin tar éis dul i gcomhairle le heagraíochtaí fostóirí agus oibrithe. Íocann an fostóir na ranníocaíochtaí agus baintear cuid díobh de thuarastal an oibrí. I gcás chiste pinsin Y, atá i gceist i gCás C-641/22, is é an sealbhóir aonair a chinneann an ranníocaíocht, ach mar sin féin cuirtear uasteorainn léi. Sa chás deireanach sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur ráthaigh na fostóirí, idir 2014 agus 2020, suim EUR 250 milliún, a d’fhéadfaí a úsáid chun na ranníocaíochtaí a fhorlíonadh i gcás nach bhfuil dóthain ann chun fabhrú na gceart pinsin a bheifí ag súil leis a bhaint amach. I gCásanna C-639/22 agus C-642/22, íocann sealbhóirí ranníocaíochtaí ar bhonn ioncam gairmiúil nó bhrabúis a ngnóthas.

15 Sna cásanna go léir sna príomhimeachtaí, cé is moite de Chás C-639/22, déantar cearta pinsin agus sochair phinsin faoi na scéimeanna pinsin atá i gceist a ríomh ar bhonn phá agus líon blianta fostaíochta gach oibrí. I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhféadfaí athrú a dhéanamh ar mhéid na gceart pinsin sin agus na sochar pinsin sin sna scéimeanna pinsin atá i gceist sna himeachtaí sin. Féadfar an méid sin a mhéadú, mar shampla trí thagairt d'athruithe ar an bpraghasinnéacs tomhaltóirí. Déanann coiste bainistíochta gach ciste pinsin cinneadh maidir le deonú an fhorlíonaidh seo. I gCás C-644/22, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go maoinítear deonú aon fhorlíonaidh go hiomlán leis an toradh ar infheistíochtaí arna ndéanamh ag na cistí pinsin atá i gceist.

16 Maidir leis an scéim pinsin atá i gceist i gCás C-639/22, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl go socraítear leis an bpinsean scoir de réir líon na ráithí ranníocaíochtaí. Is pinsean tagartha é seo, a bhféadfaidh coiste bainistíochta an chiste pinsin a mhéadú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin de réir foirmle chinntithe, más leor na hacmhainní airgeadais.

17 Maidir leis an scéim pinsin atá i gceist i gCás C-641/22, déanann coiste bainistíochta an chiste pinsin cinneadh go bliantúil, a mhéid a cheadaítear le sócmhainní an chiste a leithéid, an ndeonaítear forlíonadh ar chearta pinsin agus ar shochair phinsin agus cé mhéad a dheonaítear. Sa chás atá i gceist i gCás C-642/22, deonaítear forlíonadh bliantúil 2 % ar chearta pinsin agus ar shochair phinsin. Ag brath ar staid airgeadais an chiste pinsin, féadfaidh coiste bainistíochta an chiste sin a chinneadh forlíonadh níos mó a dheonú, a mhaoinítear go páirteach le ranníocaíochtaí agus go páirteach leis an bhfarasbarr toraidh ar chaipiteal a infheistíodh.

18 Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar chiste pinsin méid na gceart agus na sochar sin a laghdú, amhail an cás i gCás C-641/22, maidir le ráta fhabhrú na gceart pinsin do 2020. Tá laghduithe agus méaduithe den chineál sin faoi rialú ag an Dlí maidir le pinsin. I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara nach féidir aon fhorlíonadh a dheonú má thiteann ráta cumhdaigh straitéisigh laghdaithe faoi leibhéal áirithe. Dá bhrí sin, i gCás C-644/22, ní fhéadfadh an ciste pinsin forlíonadh a dheonú ach amháin in 2009. Thairis sin, de réir mar a chuaigh staid airgeadais an chiste sin in olcas, cuireadh plean téarnaimh faoi bhráid Nederlandsche Bank (an Banc Ceannais, an Ísiltír), lena bhforáladh do laghdú 0.85 % ar phinsin arna bhfabhrú.

19 Iarrann an chúirt a rinne an tarchur an gá na cistí pinsin atá i gceist sna príomhimeachtaí a mheas mar 'chistí infheistíochta speisialta' ar féidir leo leas a bhaint as an díolúine ó CBL dá bhforáiltear le hAirteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL.

20 Sa chomhthéacs sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, ag tagairt do bhreithiúnais an 7 Márta 2013, *Wheels Common Investment Fund Trustees agus páirtithe eile* (C-424/11, EU:C:2013:144), an 13 Márta 2014, *ATP PensionService* (C-464/12, EU:C:2014:139), agus an 9 Nollaig 2015 *Fiscale Eenheid X* (C-595/13, EU:C:2015:801), go bhféadfaidh ciste pinsin, cé nach GCUI é de réir bhrí Threoir GCUI, amhail na cistí pinsin atá i gceist sna himeachtaí a cuireadh faoi bhráid an chúirt sin, a mheas mar 'chiste infheistíochta speisialta', de réir bhrí Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL, fad is atá tréithe áirithe aige.

21 Tá amhras ar an gcúirt sin, go háirithe, maidir le léiriú ar cheann de na saintréithe sin, eadhon an ceanglas go seasfadh na sealbhóirí riosca na n-infheistíochtaí. Tugann sí faoi deara, de réir an údaráis fhioscaigh, a dhéanann tagairt ina leith sin do bhreithiúnas ón Hoge Raad (an Chúirt

Uachtarach, an Ísiltír), nach bhfuil tábhacht leordhóthanach ag baint leis an riosca a bhaineann leis na hinfheistíochtaí arna ndéanamh ag na cistí pinsin atá i gceist sna himeachtaí a cuireadh faoina bráid a thabhaíonn sealbhóirí na gcistí pinsin sin.

22 Measann an chúirt a rinne an tarchur nach bhfuil na scéimeanna pinsin atá i gceist os a comhair go hiomlán inchomparáide leis na scéimeanna atá i gceist sna breithiúnais an 7 Márta 2013, *Wheels Common Investment Fund Trustees agus páirtithe eile* (C-424/11, EU:C:2013:144), agus an 13 Márta 2014, *ATP PensionService* (C-464/12, EU:C:2014:139), nó leis an scéim atá i gceist i mbreithiúnas Hoge Raad (an Chúirt Uachtarach) a luann sí san ordú tarchuir.

23 Dar léi, déantar leibhéal na gceart pinsin agus na sochar pinsin faoi na scéimeanna pinsin atá i gceist sna himeachtaí a cuireadh faoina bráid a ríomh ar bhonn ioncam gairmiúil agus líon blianta fostaíochta na sealbhóirí nó pinsean tagartha.

24 Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, tá an staid éagsúil leis an staid dá dtagraítear i mbreithiúnas an 7 Márta 2013, *Wheels Common Investment Fund Trustees agus páirtithe eile* (C-424/11, EU:C:2013:144), toisc nach féidir a mheas nach bhfuil na cearta pinsin agus na sochair phinsin atá os comhair na cúirte a rinne an tarchur ag brath ar bhealach ar bith ar luach na sócmhainní nó ar an toradh ar infheistíochtaí arna ndéanamh na cistí pinsin. Cé nach mbraitheann leibhéal na gceart pinsin agus na sochar pinsin sin go díreach ar an toradh ar infheistíochtaí, ní ráthófaí méid an phinsin a bheifí ag súil leis. Léireofaí an riosca go n-athrófaí luach na sócmhainní sa ráta cumhdaigh straitéiseach agus chinnfí dá bhrí sin, mar aon le paraiméadair ríomhanna eile, an féidir forlíontaí a dheonú agus a mhéid is féidir iad a dheonú nó an chóir cearta pinsin agus sochair phinsin a laghdú ina ionad sin. Dá bhrí sin, de réir na cúirte sin, léireofaí an toradh ar infheistíochtaí agus na hathruithe ar luach na sócmhainní i leibhéal na gceart pinsin agus na sochar pinsin.

25 Ar an dara dul síos, tá na scéimeanna pinsin atá i gceist sna himeachtaí a cuireadh faoi bhráid na cúirte sin éagsúil freisin ón scéim pinsin dá dtagraítear i mbreithiúnas an 13 Márta 2014, *ATP PensionService* (C-464/12, EU:C:2014:139), ina cinneadh leibhéal an phinsin de réir mhéid na ranníocaíochtaí seasta agus na dtorthaí a thugtar ina leith, rud a chomhfhreagraíonn, dar leis an gcúirt chéanna, do scéim pinsin a eagraítear ar bhonn 'conarthaí ranníocaíochta', de réir bhrí an Dlí maidir le pinsin. Mar sin féin, ní chuirfeadh sé sin cosc, sna scéimeanna go léir atá os comhair na cúirte a rinne an tarchur, ar an riosca go mbeadh easnaimh agus barrachais á seasamh ag na sealbhóirí go léir, trí laghdú na gceart arna bhfabhrú nó trí laghdú a chur i bhfeidhm, nó, os a choinne sin, trí fhorlíontaí a dheonú nó trí chúiteamh a thabhairt i leith laghduithe a rinneadh roimhe sin.

26 Féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach an gcuirtear cosc ar chiste pinsin amhail na cistí atá i gceist sna himeachtaí a cuireadh faoina bráid a mheas mar chiste infheistíochta speisialta toisc go bhfuil riosca na n-infheistíochtaí á sheasamh ag na sealbhóirí go léir agus an leor é go seasfadh na sealbhóirí riosca ar bith a sheasamh i ndáil leis sin nó an gcaithfidh siad an riosca sin a sheasamh go leibhéal suntasach.

27 Ina theannta sin, is léir ó na horduithe tarchuir, i gCásanna C-640/22 agus C-644/22, go maíonn na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, Fiscale Eenheid Achmea agus Stichting Bedrijfstakpensioensfonds voor het levensmiddelenbedrijf (BPFL) go gceanglaítear le prionsabal na neodrachta fioscaí go ndéanfar comparáid le cistí pinsin áirithe a chuireann conarthaí ranníocaíochta i ngníomh agus a gcaitheann na húdaráis fhioscacha leo, gan iad a bheith ina GCUI, mar chistí infheistíochta speisialta. I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi

deara, de réir litir ón Staatssecretaris van Financiën (Státrúnaí Airgeadais, an Ísiltír), go gcaitheann na húdaráis sin le cistí pinsin áirithe lena gcuirtear conarthaí ranníocaíochta chun feidhme mar chistí infheistíochta speisialta.

28 Mar sin féin, tá amhras ar an gcúirt sin maidir leis an ngá atá le comparáid den sórt sin, toisc go bhforbrófaí na critéir a leagtar amach i mbreithiúnais an 7 Márta 2013, *Wheels Common Investment Fund Trustees agus páirtithe eile* (C-424/11, EU:C:2013:144), agus an 13 Márta 2014, *ATP PensionService* (C-464/12, EU:C:2014:139), lena gceadaítear measúnú a dhéanamh an ndéanann oibreoirí eacnamaíocha na hidirbhearta céanna le GCUI, i bhfianaise phrionsabal na neodrachta fioscaí. Thairis sin, fiafraíonn sí, i gcás oibrí aonair, nach mbíonn rogha an chineáil conartha pinsin aige i gcónaí, an bhfuil difríocht shuntasach idir na cineálacha éagsúla conarthaí pinsin sin.

29 Sna himthosca sin, chinn rechtbank Gelderland (an Chúirt Dúiche, Gelderland) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú i gCás C-644/22:

‘1) An gcaithfear Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL [...] a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil riosca infheistíochta i gceist do shealbhóirí i gciste pinsin amhail an ciste pinsin sna príomhimeachtaí, agus an gciallaíonn sé sin gurb ionann an ciste pinsin agus ‘ciste infheistíochta speisialta’ de réir bhrí na forála sin? An mbaineann a leanas le hábhar:

– cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na n-infheistíochtaí?

– méid an riosca chomhchoitinn nó an leas aonair?

– a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid na sochar pinsin?

2) An gceanglaítear leis an bprionsabal maidir le neodracht chánach, i dtaobh Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL a chur i bhfeidhm maidir le cistí nach GCUI iad [...], nach mór a mheas ní hamháin an bhfuil siad inchomparáide le GCUI, ach freisin, ó thaobh an gnáth-thomhaltóra de, an bhfuil siad inchomparáide le cistí eile nach GCUI iad ach a mheasann an Ballstát gur cistí infheistíochta speisialta iad?’

30 I gCásanna C-639/22, C-642/22 agus C-643/22, chinn rechtbank Gelderland (an Chúirt Dúiche, Gelderland) bac a chur ar na himeachtaí agus ceist atá díreach mar an gcéanna leis an gcéad cheist arna tarchur i gCás C-644/22 a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú.

31 I gCás C-640/22, sonraíonn an chúirt sin, maidir leis an gciste pinsin a fuair seirbhísí i leith bainistiú sócmhainní ón iarratasóir sna príomhimeachtaí, nár tharla aon fhabhrú gníomhach de chearta pinsin eile ón 1 Eanáir 2018, ós rud é go raibh ar an gciste pinsin atá i gceist sna himeachtaí a cuireadh faoi bhráid na cúirte sin a shócmhainní a aistriú mar gheall ar an gcóimheas cumhdaigh straitéiseach íseal. Dá réir sin, tá amhras ar an gcúirt chéanna maidir le hábharthacht an fhachtóra sin i gcomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar riosca na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gciste pinsin sin atá á sheasamh ag sealbhóirí an chiste sin.

32 Sna himthosca sin, chinn rechtbank Gelderland (an Chúirt Dúiche, Gelderland) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna céanna arna dtarchur i gCás C-644/22 a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, faoi réir soiléiriú ar an gcéad cheist mar seo a leanas:

‘[...] An mbaineann a leanas le hábhar:

[...]

– nach bhfuiltear ag cur go gníomhach leis an gciste pinsin a thuilleadh ón 1 Eanáir 2018 agus, mar gheall ar an gcóimheas cumhdaigh straitéiseach íseal, nach mór na sócmhainní go léir a aistriú chuig árachóir nó ciste pinsin eile?

[...]’

33 Ar deireadh, i gCás C-641/22, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil tionchar ag an bhfíoras, dá dtagraítear i mír 14 den bhreithiúnas seo, gur ráthaigh na fostóirí iad féin ar feadh tréimhse áirithe ama chun a áirithiú go gcruthófaí cearta pinsin, ar riosca a bhaineann leis na hinfheistíochta arna ndéanamh ag an gciste pinsin a bheith ann do shealbhóirí an chiste sin.

34 Sna himthosca sin, chinn rechtbank Gelderland (an Chúirt Dúiche, Gelderland) bac a chur ar na himeachtaí agus ceist atá díreach mar an gcéanna leis an gcéad cheist arna tarchur i gCás C-644/22 a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, faoi réir soiléiriú ar an gceist sin mar seo a leanas:

‘[...] An mbaineann a leanas le hábhar:

[...]

– maidir leis an tréimhse ó 2014 go 2020, an dá bhliain sin san áireamh, go bhfuil ráthaíocht EUR 250 000 000 curtha ar fáil ag an bhfostóir d’fhonn an pinsean atá beartaithe a dhéanamh a bhaint amach?’

35 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 15 Samhain 2022, rinneadh Cásanna C-639/22 go C-644/22 a uamadh chun críocha na gcodanna i scríbhinn agus na gcodanna ó bhéal den nós imeachta agus den bhreithiúnas.

Na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

An chéad cheist

36 Lena céad cheist, atá i gceist sna cásanna uamtha go léir, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi go bhféadfar a mheas go seastar riosca na n-infheistíochtaí le baill de chiste pinsin lena gcuirtear chun feidhme, faoi chomhscéim pinsin, conradh pinsin lena bhforáiltear do chearta pinsin agus do shochair phinsin, ar féidir lena mhéid athrú faoi choinníollacha áirithe, cé go sainmhínítear an méid sin ar bhonn pinsean tagartha nó ioncam gairmiúil agus líon blianta fostaíochta gach baill, mar thoradh ar thorthaí na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gciste pinsin sin. Fiafraíonn an chúirt sin freisin an bhfuil ábharthacht ag baint le méid an riosca atá i gceist i ndáil leis sin, leis an riosca a tabhaíodh a bheith ina riosca aonair nó ina riosca comhchoiteann, le líon na mblianta inar

fabhraíodh cearta pinsin sealbhóra, leis an bhfíoras gur cuireadh isteach ar fhabhrú ceart pinsin ag am áirithe i ndáil le ciste pinsin, nó leis an bhfíoras gur ráthaigh fostóir é féin ar feadh tréimhse áirithe ama don fhabhrú ceart pinsin a rabhthas ag súil leis.

37 I gcomhréir le hAirteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL, tabharfaidh na Ballstáit díolúine ó CBL do bhainistiú cistí infheistíochta speisialta arna sainmhíniú ag na Ballstáit.

38 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, cé gur fhág reachtas an Aontais sainmhíniú a thabhairt ar an gcoincheap 'cistí infheistíochta speisialta' ag na Ballstáit, nach mór cistí arb ionann iad agus GCUI de réir bhrí Threoir GCUI a mheas mar chistí den chineál sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Márta 2014, *ATP PensionService*, C-464/12, EU:C:2014:139, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Mar is léir ó Airteagal 1(2) den Treoir sin, is gnóthais iad GCUI atá á bhfeidhmiú go heisiach chun comhinfheistíocht chaipitil arna soláthar ag an bpobal a dhéanamh in urrúis inaistrithe, a bhfuil a n-oibriú faoi réir phrionsabal an scaipthe riosca, agus a ndéantar a n-aonaid, arna iarraidh sin do na sealbhóirí, a athcheannach nó a aisíoc, go díreach nó go hindíreach, ó shócmhainní na ngnóthas sin (breithiúnas an 9 Nollaig 2015, *Fiscale Eenheid X*, C-595/13, EU:C:2015:801, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

40 I ndairíre, is gnóthais iad GCUI ina ndéantar go leor infheistíochtaí a ghrúpáil agus a scaipeadh thar raon urrús inaistrithe ar féidir iad a bhainistiú go héifeachtach chun torthaí a uasmhéadú, agus inar féidir le hinfheistíochtaí aonair a bheith sách beag. Bainistíonn na cistí sin a n-infheistíochtaí ina n-ainm féin agus ar a gcuntas féin, cé go bhfuil ús sa chiste ag gach infheisteoir cliaint, ach ní in infheistíochtaí an chiste iad féin (breithiúnas an 13 Márta 2014, *ATP PensionService*, C-464/12, EU:C:2014:139, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 De réir cásdlí socair, ní mór a mheas gurb ionann cistí infheistíochta speisialta agus cistí nach gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta iad de réir bhrí Threoir GCUI, a bhfuil saintréithe acu atá díreach mar an gcéanna leis na gnóthais sin agus, dá bhrí sin, a dhéanann na hidirbhearta céanna nó, ar a laghad, a bhfuil gnéithe acu atá inchomparáide leis na gnóthais sin sa mhéid go bhfuil siad in iomaíocht leo (breithiúnas an 9 Nollaig 2015, *Fiscale Eenheid X*, C-595/13, EU:C:2015:801, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Ní mór a mheabhrú gur chinn an Chúirt gurb é ceann de na saintréithe is gá ionas go measfar go bhfuil gnéithe ag eintiteas atá inchomparáide le GCUI agus, dá bhrí sin, go measfar é mar chiste infheistíochta speisialta atá incháilithe don díolúine ó CBL dá bhforáiltear in Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL ná go bhfuil na rannpháirtithe i dteideal na mbrabús nó go seasann siad an riosca a bhaineann le bainistiú an chiste. Is é sin le rá, tá sé riachtanach go seasfaidh na sealbhóirí riosca na n-infheistíochtaí (féach, chuige sin, breithiúnais an 7 Márta 2013, *Wheels Common Investment Fund Trustees agus páirtithe eile*, C-424/11, EU:C:2013:144, mír 27; an 13 Márta 2014, *ATP PensionService*, C-464/12, EU:C:2014:139, mír 59, agus an 9 Nollaig 2015, *Fiscale Eenheid X*, C-595/13, EU:C:2015:801, míreanna 51 agus 52).

43 I ndáil leis sin, tá sé ráite ag an gCúirt nach bhfuil ar shealbhóirí scéime pinsin an riosca a bhaineann le bainistiú ciste infheistíochta ina bhfuil sócmhainní na scéime sin grúpáilte le chéile a sheasamh, i gcás nach mbraitheann an pinsean a fhaigheann an fostaí ar bhealach ar bith ar luach shócmhainní na scéime agus ar thorthaí na n-infheistíochtaí a dhéanann bainisteoirí na scéime, ach go ndéantar é a réamhshainiú de réir fhad na seirbhíse leis an bhfostóir agus mhéid an tuarastail, murab ionann agus an toradh a bhféadfadh daoine a bheith ag súil leis agus iad ag

ceannach aonaid i ngnóthas comhinfheistíochta, rud a bhraitheann ar thorthaí na n-infheistíochtaí a rinne na bainisteoirí cistí le linn na tréimhse ina sealbhaíonn siad na scaireanna sin (breithiúnas an 7 Márta 2013, *Wheels Common Investment Fund Trustees agus páirtithe eile*, C-424/11, EU:C:2013:144, mír 27).

44 Dá bhrí sin, chun cinneadh a dhéanamh go seasann sealbhóir de chiste pinsin riosca na n-infheistíochtaí is gá, ní mór go dtiocfadh an pinsean a fhaigheann an sealbhóir sin ó na hinfheistíochtaí a dhéanann an ciste sin, a mhéid atá inchomparáide leis an méid ina mbraitheann torthaí sealbhóra aonaid gnóthais comhinfheistíochta ar na hinfheistíochtaí a dhéanann an ciste sin.

45 Dá bhrí sin, chun ciste pinsin a mheas mar chiste infheistíochta speisialta atá incháilithe don díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL, ní mór an riosca a sheasann sealbhóirí an chiste pinsin sin mar thoradh ar na hinfheistíochtaí a dhéanann an ciste sin a bheith inchomparáide leis an riosca a sheasann sealbhóirí aonad gnóthais comhinfheistíochta i ndáil leis na sócmhainní atá taiscthe acu sa ghnóthas sin.

46 Toisc nach mór riosca den chineál sin a léiriú i leibhéal na gceart pinsin agus na sochar pinsin, is gá a shuíomh, d'fhonn cinneadh a dhéanamh an dtabhaíonn sealbhóirí de chiste pinsin riosca atá inchomparáide leis an riosca atá ag sealbhóirí aonad gnóthais comhinfheistíochta, go mbeidh tionchar suntasach ag torthaí na n-infheistíochtaí a dhéanfaidh an ciste pinsin ar mhéid na gceart pinsin agus na sochar pinsin.

47 Toisc go mbraitheann an toradh a bhféadfadh sealbhóirí aonad gnóthais comhinfheistíochta ag súil leis go bunúsach ar thorthaí na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an ngnóthas sin le linn na tréimhse ina bhfuil na haonaid sin ina seilbh acu, rud a dhéanann difear láithreach do luach na n-aonad sin, glactar leis, le cur i bhfeidhm na díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL ar chiste pinsin, nach ráthaítear méid na gceart pinsin agus na sochar pinsin is iníoctha faoin gconradh pinsin lena mbaineann, ach go mbraitheann sé, go príomha, go dearfach nó go diúltach, ar thorthaí na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gciste sin.

48 Chun a bheith cinnte go bhfuil riosca infheistíochta, a sheasann sealbhóirí ciste pinsin, inchomparáide leis an riosca a sheasann sealbhóirí aonad gnóthais comhinfheistíochta, ní féidir, dá bhrí sin, méid na gceart pinsin agus na sochar pinsin a réamhshainmhíniú den chuid is mó ar bhonn fhad na seirbhíse leis an bhfostóir agus mhéid thuarastal gach sealbhóir. I ndáil leis sin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a chinneadh, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara go bunúsach i mír 44 dá Tuairim, an mbraitheann cearta pinsin agus sochair phinsin go príomha ar thorthaí na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gciste pinsin lena mbaineann.

49 Sa chás seo, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, sna scéimeanna pinsin atá i gceist sna príomhimeachtaí, go ndéantar cearta pinsin agus sochair phinsin a ríomh, i bprionsabal, ar bhonn pinsean tagartha nó ioncam gairmiúil agus líon blianta fostaíochta gach sealbhóir, nach mbraitheann a leibhéal go díreach ar thorthaí na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gciste pinsin, ach nach ráthaítear é ach an oiread. Leis an ráta cumhdaigh straitéiseach, d'fhéadfaí a chinneadh an féidir forlíontaí a dheonú do shealbhóirí agus méid na bhforlíontaí sin nó ar cheart cearta pinsin agus sochair phinsin a laghdú ina ionad sin. Dá bhrí sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, léirítear torthaí na n-infheistíochtaí i méid na bpinsean. Ina theannta sin, roinnfí an riosca maidir le heasnaimh agus an fhéidearthacht maidir le barrachais i measc shealbhóirí an ghrúpa.

50 Is cosúil ó na cúinsí sin go bhfuil méid na gceart pinsin nó na sochar pinsin réamhshainmhínite den chuid is mó de réir fhad na gairme leis an bhfostóir agus thuarastal gach sealbhóir. Thairis sin, braitheann an t-athrú ar an méid sin ar an ráta cumhdaigh straitéisigh, a shainmhínítear *inter alia* trí thagairt a dhéanamh do luach láithreach dliteanas pinsin. Dá bhrí sin, cé gur féidir an méid sin a laghdú nó a mhéadú, agus go ndéantar deonú forlíontaí a mhaoiniú go hiomlán, i gcásanna áirithe, le torthaí na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gciste pinsin, is cosúil go mbraitheann an méid céanna ar roinnt cúinsí, lena n-áirítear torthaí na n-infheistíochtaí sin, nach ionann é sin agus an príomhchúinse, ach is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé é sin a fhíorú, agus saintréithe uile na gconarthaí pinsin lena mbaineann á gcur san áireamh.

51 Ina theannta sin, chun cinneadh a dhéanamh an seasann sealbhóirí na gcistí pinsin atá i gceist sna príomhimeachtaí riosca infheistíochta atá inchomparáide leis an riosca atá ag sealbhóirí aonad gnóthais comhinfheistíochta, ní leor a chinneadh go seasann na sealbhóirí, ar leithligh nó le chéile, riosca na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag ciste pinsin den chineál sin, agus daoine nó eintitis eile á n-eisiamh. Má tá miontionchar ag na hinfheistíochtaí sin ar mhéid na gceart pinsin agus na sochar pinsin, níl an riosca a thabhaíonn sealbhóirí inchomparáide le riosca na sealbhóirí aonad gnóthais comhinfheistíochta i leith na sócmhainní atá curtha i dtaisce acu sa ghnóthas sin.

52 Ar an taobh eile, i gcás ina mbeidh tionchar suntasach ag riosca na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag ciste pinsin ar mhéid na gceart pinsin agus na sochar pinsin is iníoctha faoin gconradh pinsin, níl sé ábhartha go bhfuil an riosca sin roinnte idir sealbhóirí an chiste sin agus go bhfuil tionchar meánach aige dá bhrí sin. Eascraíonn an méid sin as comhthiomsú an chiste sin agus ní chuirtear cosc leis an riosca sin tionchar aonair a imirt ar chearta sealbhóirí go léir den chiste céanna.

53 Ar an gcaoi chéanna, ní bhaintear le hábhar líon na mblianta chun cearta pinsin an tsealbhóra a fhabhrú nó gur cuireadh isteach ar thréimhse chruthú na gceart sin ag pointe áirithe ama i leith ciste pinsin, mar a bheadh i gcás C-640/22. Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 46 dá Tuairim, is é an t-aon rud atá tábhachtach ná an bealach ina gceaptar cearta pinsin agus sochair phinsin i gconradh pinsin an tsealbhóra agus a mhéid a bhraitheann na cearta agus na sochair sin ar thorthaí na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gciste pinsin. Níl tionchar ag an bhfíoras go dtagtar deireadh le ciste pinsin nó go bhfuil air, mar gheall ar a staid airgeadais, a shócmhainní a aistriú go gnóthas eile, ar riosca na n-infheistíochtaí arna seasamh ag sealbhóirí an chiste sin, ach amháin má bhaineann an t-aistriú sin leis an riosca a aistriú chuig eintiteas tríú páirtí.

54 D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás féimheacht ciste pinsin, ar riosca comhchoiteann é nach mór a idirdhealú ón bhféidearthacht athruithe a dhéanamh ar mhéid na gceart pinsin agus na sochar pinsin. Sa chás sin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a chinntiú, maidir leis an gciste pinsin lena mbaineann, ar cuireadh cineál ráthaíochta Stáit nó scéim athárachais i bhfeidhm, chun a bheith cinnte go nglacann na sealbhóirí leis an riosca a bhaineann le féimheachta an chiste sin freisin.

55 Thairis sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhfíoras go bhfuil sé ráthaithe ag fostóir é féin ar feadh tréimhse áirithe ama agus é ag súil le carnadh ionchasach na gceart pinsin ar na cearta pinsin agus ar na sochair phinsin, a mhéid go bhféadfadh, sa chás sin, méid pinsean ráthaithe a bheith mar thoradh ar na ranníocaíochtaí arna n-íoc, beag beann ar thorthaí na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gciste pinsin lena mbaineann, rud a d'fhéadfadh an riosca is gá ionas gur féidir a mheas go bhfuil tréithe ag an gciste sin atá

inchomparáide leo siúd do GCUI a chur as an áireamh. Mar sin féin, ach amháin i gcás go bhfuil ráthaíocht iomlán i gceist, ní mór don chúirt náisiúnta a fhíorú a mhéid a dhéanann torthaí na n-infheistíochtaí sin difear do mhéid iomlán na bpinsean sin.

56 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi nach bhféadfar a mheas go seastar riosca na n-infheistíochtaí le baill de chiste pinsin lena gcuirtear chun feidhme, faoi chomhscéim pinsin, conradh pinsin lena bhforáiltear do chearta pinsin agus do shochair phinsin, ar féidir lena mhéid athrú faoi choinníollacha áirithe, cé go sainmhínítear an méid sin ar bhonn pinsean tagartha nó ioncam gairmiúil agus líon blianta fostaíochta gach baill, mar thoradh ar thorthaí na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gciste pinsin sin, ach amháin nuair a bhraitheann an méid sin, go príomha, ar thorthaí na n-infheistíochtaí sin. Chun measúnú den chineál sin a dhéanamh, níl líon na mblianta inar fabhraíodh cearta pinsin an tsealbhóra nó an fíoras gur cuireadh isteach ar chruthú ceart pinsin ag pointe áirithe ama i leith ciste pinsin. Is cúinsí ábhartha iad go bhfeadfaí an riosca a sheasamh ar leithligh nó le chéile, go háirithe i gcás féimheachta, nó go bhfuil sé ráthaithe ag fostóir é féin ar feadh tréimhse áirithe ama i gcomhair fhabhrú na gceart pinsin a bheifí ag súil leis, cé nach cúinsí cinntitheacha iad.

An dara ceist a tharchuirtear sna Cásanna C-640/22 agus C-644/22

57 Lena dara ceist i gCásanna C-640/22 agus C-644/22, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na neodrachta fioscaí, a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leis, chun cinneadh a dhéanamh an bhféadfaidh ciste pinsin nach GCUI é leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear leis an bhforáil sin, ní hamháin comparáid a dhéanamh le comhlacht den chineál sin ach measúnú a dhéanamh freisin, i bhfianaise staid dhlíthiúil agus airgeadais an tsealbhóra maidir leis an gciste pinsin sin, an bhfuil an ciste pinsin sin inchomparáide le cistí eile, nach GCUI iad, a mheasann an Ballstát lena mbaineann gur cistí infheistíochta speisialta iad de réir bhrí na forála sin.

58 Leanann sé ó mhíreanna 38 agus 41 den bhreithiúnas seo, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na díolúine sin, go gceanglaítear ar na Ballstáit caitheamh le cistí ar GCUI iad de réir bhrí Threoir GCUI mar chistí infheistíochta speisialta agus go gcaithfear a mheas gur cistí infheistíochta speisialta iad freisin cistí nach gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta iad de réir bhrí na Treorach sin, ach a dhéanann na hidirbhearta céanna nó, ar a laghad, a bhfuil gnéithe acu atá inchomparáide leis na gnóthais sin sa mhéid go bhfuil siad in iomaíocht leo.

59 Fiú má tá an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL le léiriú go docht, ceanglaítear le prionsabal na neodrachta fioscaí, agus leis an gcuspóir go mbeadh sé níos éasca d'infheisteoirí infheistíocht a dhéanamh in urrúis trí bhíthin gnóthais infheistíochta, go dtabharfar éifeacht iomlán dó (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Meitheamh 2021, *K agus DBKAG*, C-58/20 agus C-59/20, EU:C:2021:491, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Go háirithe, cuireann prionsabal na neodrachta fioscaí cosc ar chaitheamh ar bhealach éagsúil le hearraí nó le seirbhísí comhchosúla, ar earraí nó seirbhísí iad atá in iomaíocht le chéile, chun críocha CBL (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Feabhra 2022, *Finanzamt A*, C-515/20, EU:C:2022:73, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Is léir ón iarraidh ar réamhrialú, de réir litir ón Státrúnaí Airgeadais, nach mór do na húdaráis fhioscacha cistí pinsin áirithe lena gcuirtear conarthaí ranníocaíochta chun feidhme a chaitheamh mar chistí infheistíochta speisialta.

62 Sa litir sin, mheas an Státrúnaí Airgeadais gurbh ionann scéim pinsin ranníocaíochtaí sainithe aonair agus ciste infheistíochta speisialta, go bunúsach, ar an bhforas, i scéim pinsin den sórt sin, go seasann na sealbhóirí riosca na n-infheistíochtaí. Thairis sin, d'fhéadfaí scéimeanna pinsin ranníocaíochtaí sainithe comhchoiteanna áirithe a mheas mar chistí infheistíochta speisialta freisin, i gcás ina bhfuil fabhrú ceart pinsin inchomparáide le fabhrú cearta den chineál sin i scéimeanna pinsin ranníocaíochtaí sainithe aonair.

63 Sa chomhthéacs sin, ní mór a mheas gurb ionann an gnáth-thomhaltóir dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur agus sealbhóir de chiste pinsin. Sa chás seo, is faoin gcúirt sin atá sé, dá bhrí sin, scrúdú nithiúil a dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise staid dhlíthiúil agus airgeadais an tsealbhóra sin i ndáil leis an gciste pinsin, an bhfuil na cearta pinsin a fuarthas faoi chonarthaí pinsin arna gcur chun feidhme ag ciste pinsin amhail na cinn atá i gceist sna príomhimeachtaí, arb ionann iad, de réir na hiarrata ar réamhrialú, agus 'conarthaí ar shochair phinsin', inchomparáide le cearta pinsin a fuarthas faoi chonradh pinsin 'maidir le ranníocaíochtaí' arna chur chun feidhme ag ciste pinsin arna mheas ag Ballstát mar chiste infheistíochta speisialta, de réir bhrí Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL, a bhfuil mar phríomhthréith aige go seasann na sealbhóirí riosca na n-infheistíochtaí.

64 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, is é an freagra ar an dara ceist sna Cásanna C-640/22 agus C-644/22 ná nach mór Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na neodrachta fioscaí, a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leis, chun cinneadh a dhéanamh an bhféadfaidh ciste pinsin nach GCUI é leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear leis an bhforáil sin, ní hamháin comparáid a dhéanamh le comhlacht den sórt sin ach measúnú a dhéanamh freisin, i bhfianaise staid dhlíthiúil agus airgeadais an tsealbhóra maidir leis an gciste pinsin sin, an bhfuil an ciste pinsin sin inchomparáide le cistí eile, nach GCUI iad, a mheasann an Ballstát lena mbaineann gur cistí infheistíochta speisialta iad de réir bhrí na forála sin.

Costais

65 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagal 135(1)(g) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006, maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní fhéadfar a mheas go seastar riosca na n-infheistíochtaí le baill de chiste pinsin lena gcuirtear chun feidhme, faoi chomhscéim pinsin, conradh pinsin lena bhforáiltear do chearta pinsin agus do shochair phinsin, ar féidir lena mhéid athrú faoi choinníollacha áirithe, cé go sainmhínítear an méid sin ar bhonn pinsean tagartha nó ioncam gairmiúil

agus líon blianta fostaíochta gach baill, mar thoradh ar thorthaí na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gciste pinsin sin, ach amháin nuair a bhraitheann an méid sin, go príomha, ar thorthaí na n-infheistíochtaí sin. Chun measúnú den chineál sin a dhéanamh, níl líon na mblianta inar fabhraíodh cearta pinsin an tsealbhóra nó an fíoras gur cuireadh isteach ar chruthú ceart pinsin ag pointe áirithe ama i leith ciste pinsin. Is cúinsí ábhartha iad go bhfeadfaí an riosca a sheasamh ar leithligh nó le chéile, go háirithe i gcás féimheachta, nó go bhfuil sé ráthaithe ag fostóir é féin ar feadh tréimhse áirithe ama i gcomhair fhabhrú na gceart pinsin a bheifí ag súil leis, cé nach cúinsí cinntitheacha iad.

2. Maidir le hAirteagal 135(1)(g) de Threoir 2006/112, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na neodrachta fioscaí,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ceanglaítear leis, chun cinneadh a dhéanamh an bhféadfaidh ciste pinsin nach gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe é leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear leis an bhforáil sin, ní hamháin comparáid a dhéanamh le comhlacht den chineál sin ach measúnú a dhéanamh freisin, i bhfianaise staid dhlíthiúil agus airgeadais an tsealbhóra maidir leis an gciste pinsin, an bhfuil an ciste pinsin sin inchomparáide le cistí eile, nach gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe iad, a mheasann an Ballstát lena mbaineann gur cistí infheistíochta speisialta iad de réir bhrí na forála sin.

Sínithe